**Ordú na Cúirte Ginearálta an 28 Márta 2023 – Primicerj v an Coimisiún**

**(Cás T-612/22)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Rochtain a dhiúltú ar dtús – Gníomh nach bhfuil faoi réir achomhairc – Do-ghlacthacht – Iarratas ar urghaire – Easpa dlínse)***

(2023/C 179/72)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Paola Primicerj (an Róimh, an Iodáil) (ionadaí: E. Iorio, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaí: A. Spina, i gcáil Gníomhaire)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí cinneadh ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2022 lena ndiúltaítear dá iarraidh ar rochtain ar litir fógra fhoirmiúil bhreise an 15 Iúil 2022, a chur an Coimisiún chuig Poblacht na hIodáile i gcomhthéacs an nós imeachta um shárú 2016/4081, a bhaineann le comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais Eorpaigh lena rialaítear an tseirbhís arna soláthar ag giúistísí oinigh, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean go páirteach ar an bhforas go bhfuil easpa dlínse fhollasach ann agus i bpáirt toisc é a bheith do-ghlactha go follasach.

2. Á dhearbhú nach gá a thuilleadh rialú a dhéanamh ar an iarratas ar idiragairt ag Gabriele Di Girolamo, Roberta Tesei agus Associazione Nazionale Giudici di Pace (ANGDP).

3. Ordaítear do Paola Primicerj na costais a íoc.

4. Ordaítear do Di Girolamo, Tesei agus ANGDP a gcostais féin i ndáil lena n-iarratas idirghabháil a íoc.

---

[1] IO C 432, 14.11.2022.

---

**Ordú ón gCúirt Ghinearálta an 22 Márta 2023 – TP v an Coimisiún**

**(Cás T-776/22 R)**

***(Imeachtaí idirlinne – Conarthaí seirbhíse poiblí – Rialáil airgeadais – Eisiamh ó nósanna imeachta soláthair á maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus ag CEF ar feadh dhá bhliain – Iarratas ar bhac ar fhorghníomhaithe – Easpa práinne)***

(2023/C 179/73)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TP (ionadaithe: T. Faber, F. Bonke agus I. Sauvagnac, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: F. Moro, F. Behre agus P. Rossi, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí bac ar fhorghníomhú chinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 1 Deireadh Fómhair 2022 lenar eisiadh é ó rannpháirtíocht i nósanna imeachta dámhachtana a rialaítear le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1), ó roghnúchán i gcur chun feidhme chistí an Aontais agus ó rannpháirtíocht i nósanna imeachta dámhachtana a rialaítear le Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018, maidir leis an Rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, lch. 1).

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta idirlinne.

(2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 27 Márta 2023 – Cogebi agus Cogebi v an Chomhairle**

**(Cás T-782/22 R)**

***(Nós imeachta eatramhach – An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh maidir le gníomhaíochtaí na Rúise chun an staid san Úcráin a dhíchobhsú – Toirmeasc ar earraí a ghineann ioncam suntasach don Rúis a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach san Aontas – Iarratas ar bhac forghníomhaithe – Sárú ar cheanglais fhoirmiúla – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 179/74)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Cogebi (Beersel, an Bheilg), Cogebi, a.s. (Tábor, Poblacht na Seice) (ionadaí: H. over de Linden, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Bishop agus E. Nadbath, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena n-iarratas de bhun Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann na hiarratasóirí bac ar fhorghníomhú Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2022 L 259 I, lch. 3), a mhéid a leasaíonn sé Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2014 L 229, lch. 1), trí chód AC 6814 a thabhairt isteach sa liosta earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3i de Rialachán Uimh. 833/2014.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

---